



Saoránacht Dhomhanda  
Sa Bhunscoil

# 'An Gealltanas'

Lámhleabhar an Oide  
don Bhunscoil Shinsearach

THE  
PROMISE

Údar: Nicola Davies  
Maisitheoir: Laura Carlin

Global Village: acmhainn deartha ag Ailbhe Joyce



**Irish Aid**  
An Roinn Gnóthaí Eachtracha  
Department of Foreign Affairs



**Grúpa ranga:** Bunscoil Shinsearach (Rang 3 – Rang 6)

**Oideachas Saoránachta Domhanda (GCE) téamaí:** Feasacht Chomhshaoil, Inbhuanaitheacht, Ionchuimsitheacht

**Cuspóir:** Luachanna na comhbhá, agus na maoirseachta comhshaoil a spreagadh sna daltaí, agus an tábhacht a bhaineann le gealltanais a chomhlíonadh trí ghníomhú mar shaoránaigh dhomhanda a chur ina luí orthu.

**Naisc le Curaclam na Bunscoile:**

Gníomhaíocht	Creatchuraclam na Bunscoile 2023 Inniúlacht	Creatchuraclam na Bunscoile 2023 Réimse Curaclaim	Curaclam na Bunscoile 1999 Ábhar	Snáitheanna
1.2, 1.3, 2.1, 4.1	Bheith mar Chumarsáidí agus Úsáid na Teanga	Teanga	Gaeilge	Teanga Labhartha, Scríobh, Léamh
5.1	Bheith mar Fhoghlaimeoir Gníomhach	Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic	Eolaíocht	Nithe Beo
5.1	Bheith Matamaiticiúil		Matamaitic	Uimhreas, Sonraí, Tomhais
5.2	Bheith Cruthaitheach	Oideachas Ealaíon	Amharcealaíona	Éadach agus Snáithín
2.2			Drámaíocht	Iniúchadh a dhéanamh ar mhothúcháin, ar eolas agus ar smaointe, chun an tuiscint a chothú.
3.1			Ceol	Cumadóireacht
1.1, 3.2	Bheith Sláintiúil	Folláine	Corpoideachas	Gníomhaíochtaí Lasmuigh agus Eachtraí
Gach aon Gníomhaíocht	Bheith mar Shaoránach Gníomhach		Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte	Mé Féin agus Daoine eile, Mé Féin agus an Domhan Mór
2.3	Bheith mar Fhoghlaimeoir Gníomhach	Oideachas Sóisialta agus Imshaoil	Stair	Scéalta; Athrú & Leanúnachas
4.2			Tíreolaíocht	An Timpeallacht Dhaonna

**Aistear/Síolta naisc:**

- Féiniúlacht agus Muintearas
- Folláine

**Nasc le Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe:** Sprioc 13: Gníomhú ar son na hAeráide. Sprioc 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe.

Tá eolas faoi na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe (SDGs) ag <https://sdgs.un.org/goals>.

**NB:** Mar a tharlaíonn le gach aon acmhainn is gá don éascaitheoir an t-ábhar a léamh roimh ré agus cinneadh a dhéanamh faoi leasú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí nó ar ábhar áirithe ionas go mbeidh sé in oiriúint do na foghlaimeoirí.

Nuair a bhíonn ‘The Promise’ le Nicola Davies á léamh, baineann tábhacht ar leith leis an difríocht atá ann idir rúin agus gealltanais a mhíniú, nuair a bhaineann sé ach go háirithe le cosaint na bpáistí.

- Gealltanais: I gcomhthéacs an scéil seo, is éard is gealltanais ann, ná d’fhocal a thabhairt duit féin nó

do dhaoine eile go bhfuiltear chun athrú dearfach a dhéanamh. Is féidir le gealltanais a bheith spreagúil agus muinín agus freagracht a chothú.

- Rúin: Ar an láimh eile de, is féidir le rún dochar a dhéanamh uaireanta. Má iarrtar ar leanaí rún a choinneáil a fhágann míchompordach, scanraithe nó trína chéile iad, tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios acu gur chóir an scéal a insint do dhuine fásta muiníneach.
- Spreag na leanaí i gcónaí chun labhairt amach mura bhfuil siad cinnte faoi ghealltanais nó faoi rún ar bith. Tá sé ríthábhachtach do leanaí a thuiscint nár cheart rúin áirithe a choinneáil choíche, go háirithe má bhaineann siad le sábháilteacht nó le folláine an duine. Tá daoine fásta muiníneacha ar nós tuismitheoirí, múinteoirí, agus cúramóirí ann, chun cabhrú leo agus chun iad a chosaint. Bíonn sé mar aidhm ag an acmhainn seo litearthacht a chur chun cinn agus sábháilteacht agus folláine na bpáistí á gcinntiú againn.

**Admháil:** Aithníonn Global Village go buíoch an tacaíocht a fuarthas ó Chúnamh Éireann chun gníomhaíochtaí Oideachas Saoránachta Domhanda a chur ar fáil in Éirinn. Is ar an údar/na húdair go hiomlán atá an t-ábhar, an cur chuige agus na gníomhaíochtaí atá leagtha amach san acmhainn seo agus ní gá go léiríonn siad nó go leanfaidís polasaí Chúnamh Éireann.

# 1. Gníomhaíochtaí Réamhléitheoireachta

## 1.1 Folláine (Corpoideachas):

### Gníomhaíocht do Chéadfaí an Nádúir:

- Míníonn an t-oide 'siúl an tsionnaigh' do na daltaí agus ligtear dóibh cleachtadh a dhéanamh ar an meáchan a chur ar an gcos cúil nuair a ghlactar céim réidh chun tosaigh agus na barraicíní á gcur ar an talamh i dtosach báire. Ansin rolláiltear an chos tosaigh siar i dtreo na sáile. Lig dóibh cleachtadh a dhéanamh agus na súile á gcoimeád in airde de réir a chéile acu. Cén fáth gur tábhachtach an rud é 'siúl an tsionnaigh' má bhíonn an baol ann go ndéanfaí creach ort sa nádúr? Má dhéantar an ghníomhaíocht cosnochta spreagfar aireachas na bpáistí agus an nasc atá acu leis an nádúr.
- Taispeáin conas na lámha a chuachadh timpeall ar na cluasa le cabhrú leis an éisteacht. Abair leis na daltaí na súile a dhúnadh agus díriú ar an éisteacht. Iarr orthu na lámha a chuachadh sa treo eile agus éisteacht le fuaimeanna taobh thiar díofa.

### Cluiche do Chéadfaí an Nádúir

- Déanann na scoláirí ciorcal mór agus duine amháin ina suí sa lár. Suíonn an cailín sa lár ar an urlár agus a súile dúnta agus oibiacht éigin os a comhair. Seasann an dalta seo do bhéar atá ag geimhriú, agus dá iasc. Dúnann an 'béar' na súile ansin agus caithfidh na mic léinn teacht ar a seal chun éalú isteach i lár an chiorcail ionas nach gcloistear iad, agus an t-iasc a ghoid. Ba chóir do dhaltaí 'siúl an tsionnaigh' a chleachtadh sa chluiche seo agus is féidir leis an 'béar' na cluasa a chuachadh mar a rinneadh roimhe seo. Má chloiseann an béar na daltaí ag teacht agus pointeáil ina dtreo, ní mór dóibh filleadh ar imeall an chiorcail agus iarracht eile a dhéanamh.
- An bhfuil béir in Éirinn anois agus an raibh béir in Éirinn san am a d'imigh thart? Cén chúis a bhí ann lena ndíothú as Éirinn? Dá mbeimis le béir a thabhairt isteach arís, cén tionchar a bheadh aige sin ar an éiceachóras agus ar an saol laethúil?
  - **Cothromaíocht a Athbhunú sa Dúlra:** Tá béir dhonn tábhachtach chun an t-éiceachóras a choinneáil go cothrom. Trí éagsúlacht bianna a ithe, cuidíonn siad le daonra na n-ainmhithe eile a rialú, rud a chuireann cosc ar aon speiceas amháin a bheith iomarcach agus dochar a dhéanamh don chomhshaol. Mar shampla, má tá an iomarca fianna ann, b'fhéidir go n-íosfaidís barraíocht crann agus plandaí óga, rud a dhéanfadh dochar d'fhoraoisí agus do na hainmhithe a chónaíonn iontu.
  - **Turasóireacht agus Oideachas a Spreagadh:** Is féidir le béir dhonna turasóirí agus díograiseoirí an dúlra a mhealladh go hÉirinn, rud a chuirfeadh borradh faoin ngeilleagar áitiúil. B'fhéidir go dtiocfadh daoine go hÉirinn díreach chun na béir a fheiceáil agus taitneamh a bhaint as an tírdhreach nádúrtha ina gcónaíonn siad. D'fhéadfaí poist a chruthú agus níos mó airgid a thabhairt do na pobail áitiúla.
  - **Dúshláin agus Bearta Sábháilteachta:** Má thugtar béir isteach arís beidh ar dhaoine foghlaim conas maireachtáil go sábháilte le hais a chéile. Áirítear leis seo iompar na mbéar a thuiscint, bia a stóráil i gceart agus daoine ag campáil, agus fios a bheith acu cad ba cheart a dhéanamh má thagann béar ina dtreo. Beidh rialacha agus treoirlínte nua le leanúint chun sábháilteacht dhaoine agus sábháilteacht na mbéar a chinntiú.
- Tá tuilleadh eolais faoi speicis dhúchasacha na hÉireann agus iarrachtaí athbhunaithe ar fáil ag: [wildireland.org](http://wildireland.org).

## 1.2 Teanga (Gaeilge – Plé):

Pléigh an taithí a bhíonn acu leis an nádúr leis na páistí: conas mar a bhaineann an cine daonna le domhan fairsing; cad iad deacrachtaí na timpeallachta, agus an tábhacht a bhaineann leis an timpeallacht a chaomhnú. Déan ransú smaointe agus scríobh na torthaí ar an gclár bán nó ar smeach-chairt, nó bain úsáid as [Mentimeter](http://Mentimeter).

- a. Cad a cheapann tú faoin bhfocal 'nádúr'? Cad iad na híomhánna, na smaointe, na mothúcháin a thagann chun cuimhne?
- b. Cad é do mheas faoin nádúr? Míniú an freagra.
- c. Cuir síos ar neart na timpeallachta nó ar na deacrachtaí atá le sonrú i measc do phobal féin.
- d. Cén tábhacht a bhaineann le haire a thabhairt don imshaol?





Lth 14-18:

- f. Déan machnamh ar an turas a chuir an cailín di leis an ngealltanais a chomhlíonadh. Cad iad na dúshláin a cuireadh os a comhair agus conas mar a sháraigh sí iad? Conas mar a réitíonn a leithéid leis an teacht aniar agus leis an mbuaneasmhacht a bhaineann linne mar shaoránaigh dhomhanda?

Lth 19-22:

- g. Pléigh ról an mhuintearais agus an chomhoibrithe in atógáil na cathrach duairce. Conas mar a spreag gníomhartha an chailín na daoine eile le cabhrú léi? Conas mar is féidir leis an ngníomhú comhchoiteann athrú dearfach a chur ar an domhan ina iomláine?

Lth 23-26:

- h. Déan machnamh ar an mbealach inar thuig an cailín go bhféadfadh tionchar níos doimhne a bheith ag an ngealltanais a thug sí, ar an timpeallacht agus ar na glúine a bhí le teacht. Conas mar a réitíonn sé seo leis an gcoincheap faoin bhforbairt inbhuanaithe agus leas fadtéarmach phobail an domhain?
- i. Conas mar is féidir linne na ceachtanna ó 'The Promise' a chur i bhfeidhm orainn féin agus ar ár muintir? Cad is féidir linne a dhéanamh mar shaoránaigh dhomhanda leis an imshaol a chaomhnú agus cearta sóisialta a chur chun cinn?

## 2.2 Oideachas Ealaíona (Drámaíocht – rólímirt/anailís ar charachtar)

**a. Insint 4 - gníomhaíocht:** Iarrtar ar dhaltaí scéal an ghadaí agus/nó scéal na seanmhná a insint sa chéad phearsa dá bpáirtí chun an chomhbhá agus an tuiscint a fhorbairt maidir le dearcadh na gcarachtar. Nuair a bheidh an cleachtadh críochnaithe ag na daltaí ina mbeirteanna, is féidir grúpaí de cheathrar a chur le chéile chun mothúcháin na ndaltaí a phlé maidir le scéal an duine eile a ghlacadh chugat féin agus a athrá.

- Conas mar a mhothaigh tú nuair a bhí scéal an duine eile á insint sa chéad phearsa agat? Cad iad na smaointe a tháinig chugat i rith na hinsinte?
- Conas is féidir linn a bheith cinnte faoi scéal an duine eile a insint go cruinn?
- Cad a tharlaíonn i measc an phobail agus ar fud an domhain má thugtar bréagléiriú seachas an fhírinne, ar imeachtaí?
- Cad iad na scileanna a d'fhoghlaim tú ón gcleachtadh seo?
- Conas mar a d'fhéadfadh na scileanna sin cabhrú leat feabhas a chur ort féin mar shaoránach domhanda?

### **b. Lána Coinsiasa:**

- Iarr ar na páistí smaoinemh ar an radharc ina ngoideann an gadaí an mála dearcán ón tseanbhean. Is féidir le grúpaí ceathrar dráma beag a dhéanamh de. Déanann an chéad bheirt fráma reoite a chruthú agus cuireann an bheirt eile smaointe na gcarachtar i bhfocail.
- Déantar dhá shraith de dhaltaí agus aghaidh acu ar a chéile. Bíodh dalta áirithe sásta feidhmiú mar an gadaí, nó an tseanbhean, agus siúl go mall idir an dá líne. Nuair a bhíonn an carachtar ag trasnú, míníonn dalta eile na mothúcháin nó na smaointe a bheadh ag an gcarachtar agus iad ag siúl ar an lána coinsiasa.

Ceisteanna le cur ar an ngrúpa tar éis machnaimh:

- a. Cad iad na smaointe is na mothúcháin a luadh sa cheacht seo?
- b. Conas mar is féidir le daoine déileáil leis na smaointe is na mothúcháin sin? Cé a chabhródh leo?
- c. Cad é an sórt saoránach a bhí i ngach aon cheann de na carachtair seo? Mínigh na freagraí.
- d. Cén chomhairle a thabharfá do na carachtair seo a spreagfadh iad le bheith mar shaoránaigh ghníomhacha?

### 2.3 Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (Stair – Taighde):

- Cabhraigh leis na daltaí taighde a dhéanamh ar chúiseanna domhanda an uirbithe agus an athraithe aeráide (suímh ghréasáin a mholtar sa rannán ‘Acmhainní Breise’) ag díriú ar na bunchúiseanna. Spreagtar na daltaí ansin le saincheist chomhshaoil a bhaineann lena bpobal áitiúil nó leis an domhan mór a aithint amhail truailliú, scriosadh gnáthóige, nó athrú aeráide. Spreag iad le hanailís a dhéanamh ar shonraí, measúnú a dhéanamh ar fhianaise, agus moltaí a thabhairt chun feabhas a chur ar na saincheisteanna seo trí úsáid a bhaint as foinsí eolais áitiúla (m.sh. astaíochtaí breosla iontaise ó shuímh ghréasáin náisiúnta; samplaí de chruthú/scriosadh gnáthóige i nuachtlitréacha an phobail; scéalta faoi ghníomhaíocht aeráide i nuachtáin áitiúla 7rl.) Ba cheart cleachtas sábháilte a bheith ann agus IT á úsáid. Cloígh le polasaí IT na scoile.
- Is féidir torthaí an taighde a chur i láthair in aon mheán a roghnaíonn siad (m.sh. póstaer/smeach-chairt, PowerPoint, cur i láthair ó bhéal, scannán, amhrán, dán) agus ba chóir díriú ar chúis agus ar thionchar na ceiste imshaoil a bhfuil taighde déanta air. Is féidir le cur i láthair na dtionscadal taighde seo a bheith mar ábhar do thionól ranga nó scoile agus ba chóir an t-eolas a roinnt le ranganna agus le páirtithe leasmhara eile ar scoil.
- Sa deireadh, fiafraigh den rang conas mar is féidir linn an taighde a úsáid chun dul i ngníomh agus ár dtimpeallacht áitiúil a fheabhsú? Is féidir moltaí a chur faoi bhráid bhainistíocht na scoile agus an phobail i gcoitinne.



## 3. Gníomhaíochtaí Iar-Léitheoireachta

### 3.1 Oideachas Ealaíona (Ceol – taithí, cumadóireacht & cur i láthair):

- Seinn [Vivaldi's 'Four Seasons'](#) dóibh. Pléigh saol Vivaldi mar chumadóir Iodálach agus iarr ar na páistí an séasúr a aithint ón gceol a chloiseann siad sa cheol uirlise, bunaithe ar úsáid na ngléasanna ceoil agus ar an íomháineachas.

#### Plé:

- a. Cad iad na séasúir a bhí ann le linn Vivaldi sa 17<sup>ú</sup>/18<sup>ú</sup> céad? An mbíonn na séasúir chéanna againne faoi láthair? Conas san?
  - b. An mbaineann na ceithre shéasúr le gach áit ar domhan? Mínigh agus pléigh.
- Bain úsáid as gléasanna ceoil nó as bogearraí cumadóireachta ceoil cosúil le [GarageBand](#), agus spreag na daltaí lena bpíosaí ceoil féin a chumadh, a léireodh staid na timpeallachta. Is féidir an rang a bhriseadh ina thrí ghrúpa. Díríonn grúpa amháin ar staid na timpeallachta sula scaiptear na síolta; díríonn an dara ghrúpa ar staid an chomhshaoil faoi láthair agus ar an bpróiseas scaipthe síolta; agus cumfaidh an grúpa deiridh píosa ceoil faoin timpeallacht a bheadh á lorg acu amach anseo agus conas a bhreathnódh sí tar éis fás na síolta. Is féidir léirithe ó ghrúpaí a thaifeadadh agus a roinnt le ranganna eile, a chur ar shuíomh ghréasáin na scoile, agus a bheith mar fheachtas feasachta ar thuairimí comhshaoil na ndaltaí i measc an phobail.

### 3.2 Folláine (Dialann Mhachnamhach):

- Spreagtar na daltaí le dialanna an nádúir a chruthú agus a bheith in úsáid acu go rialta. Is féidir noda a thabhairt go seachtainiúil dóibh, agus iad a spreagadh le bheith aireach agus nótaí a scríobh ag am sosa, idir ranganna, ag am machnamhach, nó i rith ranganna corpoideachais (Féach ‘Noda don Dialann Nádúir’ in Aguisín 1). Is féidir ceisteanna machnamhacha bunaithe ar ‘The Promise’ a bheith mar noda chomh maith (m.sh. “Conas a thug na carachtair sa scéal aire don timpeallacht” nó “Cad é an gealltanais a thabharfása

faoi aire a thabhairt don imshaol le do bheatha?”); cuireadh a thabhairt dóibh dánta a scríobh ar théama an dúlra, nó sceitsí agus breacphictiúir an nádúir a tharraingt.

- Bíodh ceamaraí nó iPad ag na daltaí le linn na seisiún amuigh faoin aer, chun na rudaí a aimsíonn siad sa dúlra a thaifeadadh. Spreag iad chun na torthaí, na sceitsí agus a gcuid smaointe a thaifeadadh le cur lena ndialanna machnamhacha dúlra.

## 4. An Gealltanais (Gníomhú & Machnamh)

### 4.1 Teanga (Gaeilge – Plé):

- Nuair a bhíonn ‘The Promise’ léite os ard sa seomra ranga, spreag na daltaí le machnamh a dhéanamh ar bhrí agus ar theachtaireachtaí an scéil. Bíodh plé ranga ann maidir leis an tábhacht a bhaineann le gealltanais a dhéanamh an timpeallacht a chaomhnú agus aire a thabhairt don uile neach beo. Breathnaigh athuair ina dhiaidh sin ar [UN Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe \(SDGs\)](#) agus tabhair cuireadh do na daltaí an cluiche ‘lín na nasc’ a imirt.
- Seasann na daltaí i gciorcail agus cárta SDG ag an uile dhuine (Cártaí inphriontáilte saor ag Trócaire.org). Coimeádann dalta barr an cheirtlín olla agus osclaíonn an ceirtlín amach le cur ar aghaidh chuig dalta eile sa chiorcail a bhfuil an SDG, dar leo, ceangailte go díreach leis an imshaol, ag tabhairt fáthanna lena rogha. Is féidir le daltaí plé a dhéanamh freisin ar na spriocanna a cheapann siad atá deacair a nascadh leis an imshaol, dar leo. Cé go bhfuil gach dalta fós ag coinneáil na holla ag a SDG, ag léiriú an nasc atá ann, iarr ar dhaoine áirithe na naisc atá á gcoimeád acu a scaoileadh. Cad a tharlaíonn don líon? Cad a insíonn sé seo dúinn faoi na SDGanna? Is féidir le daltaí ansin na cártaí SDG a rangú in ord tábhachta don imshaol agus a roghanna a phlé i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

### 4.2 Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (Tíreolaíocht):

- Chuir an cailín sa scéal seo síolta i gcathracha ar fud an domhain. Cad a tharlódh dá gcuirfí breis crann i ngach aon chathair in Éirinn/ san Eoraip/ ar fud an domhain? Conas mar a bhreathnódh an radharc mar a fheictear ón spás é? (Féach suíomh [‘One Tree Planted’](#): mapa idirghníomhach faoi fhoraoisí an domhain.)
- Cad iad na gealltanais a spreag an leabhar iontu, gníomhú SDG ar nós crainn a chur, gearradh siar ar ábhar a chur amú, aire a thabhairt don fhiadhúlra áitiúil. Tabhair síológ le cur sa seomra ranga, i dtalamh na scoile nó sa bhaile do gach páiste (ar fáil ó [irishseedsavers.ie](#)) mar shiombail inlámhsithe den ghealltanais.
- Pléigh an t-athrú aeráide leo agus an tionchar a bheadh aige ar fhás na síológ.
- Cad iad na barraí nach bhfásfadh a thuilleadh ar domhan má tharlaíonn ardú teochta de 1.5 céim Celsius faoi 2030? Tá naisc oiriúnacha ar fáil in ‘Acmhainní Breise’.
  - a. Cén tionchar a bheidh aige seo ar phobail éagsúla ar fud an domhain?
  - b. Cad is féidir linn a dhéanamh in Éirinn le maolú ar ghéarchéim an athraithe aeráide?





## 5. Glasú ar Thalamh na Scoile (Oideachas Tionscadalbhunaithe)

### 5.1 Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta & Matamaitice (Eolaíocht/Mata):

- Pléigh na ceantair sa chathair a roghnaigh an cailín sa leabhar le dearcáin a chur iontu, agus an fáth a raibh siad oiriúnach/mí-oiriúnach. Tabhair dúshlán na bpáistí cuid de thimpeallacht na scoile a aithint a d'fhéadfaí a athrú go spás atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaoil, m.sh. boscaí fuinneoige a chur sna seomraí ranga; móinéar bláthanna fiáine; gairdín glasraí a phlandáil; beathadáin éan a thógáil; óstáin fheithidí, agus crainn a phlandáil ag brath ar shuíomh na scoile. Pléigh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhainfeadh le gach áit acu san a fhorbairt (m.sh. Ar son: go leor solas na gréine; In aghaidh: an iomarca coisithe.)
- Roinn an rang i ngrúpaí beaga agus tabhair tionscadal an ghrúpa dóibh a bhaineann le glasú limistéar na scoile (cabhróidh sé má bhíonn plean forbartha ag an scoil, nó bain úsáid as [Green Flag programme](#)). Spreag na daltaí le tomhas a dhéanamh, buiséadú, agus áireamh don tionscadal (samplaí in Aguisín 2).

### 5.2 Oideachas Ealaíona (Ealaín - Ealaín chomhoibríoch an phobail):

- Ceistigh 'Cén cruth a bheadh ar an domhan dá mbeimis ag obair as lámha a chéile le cabhrú leis an timpeallacht?' Spreagtar na daltaí chun a dtodhchaí shamhlaíoch a léiriú trí shuiteán ealaíne comhshaoil a chruthú. Is féidir é seo a thógáil le hábhair athchúrsáilte a bhailítear ón scoil nó ón bpobal áitiúil. Déan ransú smaointe don suiteán: é mar dhealbhoireacht déanta as buidéal phlaisteacha; múrmhaisiú a thaispeánann fiadhúlra áitiúil; móibíl atá comhdhéanta d'ábhair nádúrtha; nó óstán feithidí.
- Mar chuid den suiteán ealaíne pobail a roghnaítear, tugtar treoir do dhaltaí conas '[Hazel Hearts](#)' a dhéanamh agus teachtaireacht ranga ar théama cúram comhshaoil a scríobh le chéile le bronnadh ar an bpobal faoin gcaoi a n-athraíonn meon an duine, spreagtha ag an sliocht as 'The Promise'.



*Foinse an Íomhá*



*Foinse an Íomhá*



*Foinse an Íomhá*



*Foinse an Íomhá*





# Acmhainní Breise:

## 2.2 Oideachas Ealaíona (Drámaíocht – rólimirt/anailís charachtar):

- Insint 4 Éascaitheoir Malartú Scéil/traenáil: <https://narrative4.ie/primary-schools/>

## 2.3 Oideachas Sóisialta & Imshaoil (Stair): Naisc do na daltaí le taighde a dhéanamh ar uirbiú, an réabhlóid thionsclaíoch agus géarchéim an athraithe aeráide.

### 1. Uirbiú:

- Suíomh: [Central Statistics Office \(CSO\) - Census of Population](#)
- Cur Síos: Is í an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) a dhéanann an Daonáireamh in Éirinn, ag soláthar sonraí cuimsitheacha ar dhéimeagrafaic an daonra, ar thithíocht agus ar threochtaí uirbithe. Tugann na tuarascálacha daonáirimh léargas luachmhar ar dháileadh agus ar shaintréithe na gceantar uirbeach ar fud na tíre dúinn.

### 2. An Réabhlóid Thionsclaíoch:

- Suíomh: [National Museum of Ireland - Industry & Transport](#)
- Cur Síos: Bíonn taispeántais ar thionscail agus ar iompar i mbrainse Saol na Tuaithe de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann, a thugann léargas ar stair thionsclaíoch na hÉireann agus ar a thionchar ar an tsochaí.

### 3. Géarchéim an Athraithe Aeráide:

- Suíomh: [Climate Ambassador Programme](#)
- Cur Síos: Soláthraíonn an Clár Ambasadóirí na hAeráide acmhainní oideachais, agus faisnéis ar athrú aeráide, atá saincheaptha do dhaoine óga na hÉireann. Tugann sé léargas dúinn ar eolaíocht an athraithe aeráide, ar a thionchar, agus ar na gníomhartha is féidir leis an duine aonair a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na hathruithe.

## 4.2 Oideachas Sóisialta & Imshaoil (Tíreolaíocht): Taighde: Na barraí nach bhfásfaidh a thuilleadh má thagann ardú teochta 1.5 céim Celsius ar domhan faoi 2030:

### 1. Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide:

- Suíomh: [Ireland's Climate Action Plan](#)
- Cur Síos: Leagann an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide straitéis na hÉireann amach chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, lena n-áirítear bearta chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a mhaolú agus dul in oiriúint do thionchair an téimh dhomhanda. D'fhéadfadh sé léargas a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfadh athruithe teochta dul i bhfeidhm ar thalmhaíocht agus ar tháirgeadh barr in Éirinn.

### 2. Teagasc – Údarás Forbartha Bia agus Talmhaíochta:

- Suíomh: [Teagasc](#)
- Cur Síos: Is é Teagasc an t-údarás náisiúnta talmhaíochta agus forbartha bia in Éirinn. Cuireann an suíomh gréasáin taighde agus faisnéis ar fáil ar ghnéithe éagsúla den talmhaíocht, lena n-áirítear táirgeadh barr, teacht aniar in aghaidh an athraithe aeráide, agus cleachtais fheirmeoireachta inbhuanaithe.

### 3. Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA):

- Suíomh: [EPA Ireland - Climate Change](#)
- Cur Síos: Soláthraíonn rannóg Athrú Aeráide an EPA faisnéis ar thionchair an athraithe aeráide in Éirinn, lena n-áirítear tionchar poitéinsil ar thalmhaíocht agus ar shlándáil bia. Déanann siad tuarascálacha nó torthaí taighde a thairiscint a bhaineann le leochaileacht barr faoi chásanna éagsúla athraithe aeráide.

#### 4. Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA):

- Suíomh: [Irish Farmers' Association](#)
- Cur Síos: Déanann an IFA ionadaíocht ar leas na bhfeirmeoirí in Éirinn agus soláthraíonn siad faisnéis ar bheartais, ar chleachtais agus ar na dúshláin talmhaíochta. D'fhéadfadh go mbeadh ailt nó foilseacháin ar an suíomh gréasáin ag plé an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide ar tháirgeadh barr agus ar sholáthar bia.

### 5.1 STEM (Matamaitic): Ceantar cur crann /taighde ar bhlianta measa:

#### 1. Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (NBDC):

- Suíomh: [National Biodiversity Data Centre](#)
- Cur Síos: Bailíonn, bainistíonn agus roinneann an NBDC sonraí ar bhithéagsúlacht na hÉireann, lena n-áirítear faisnéis ar speicis phlandaí cosúil le crainn. D'fhéadfadh go mbeadh tuarascálacha, suirbhéanna, nó tacar sonraí acu a bhainfeadh le táirgeadh dearcán agus le blianta measa in Éirinn.

#### 2. Líonra Comhshaoil na hÉireann (IEN):

- Suíomh: [Irish Environmental Network](#)
- Cur Síos: Is líonra eagraíochtaí comhshaoil in Éirinn é an IEN. Féadfaidh siad acmhainní, earraí a sholáthar, nó naisc le taighde ar speicis crann agus ar a bpatrúin atáirgeach, lena n-áirítear blianta measa agus táirgeadh dearcán a chur ar fáil.

#### 3. Coillte – Bord Foraoiseachta na hÉireann:

- Suíomh: [Coillte](#)
- Cur Síos: Is é Coillte an comhlacht foraoiseachta tráchtála faoi úinéireacht an stáit in Éirinn. D'fhéadfadh foilseacháin, tuarascálacha taighde, nó ailt a bhaineann le speicis crann agus bainistíocht foraoiseachta a bheith ar fáil ar an suíomh Gréasáin, agus d'fhéadfadh faisnéis a bheith ann maidir le blianta measa agus staitisticí faoi na dearcáin.

#### 5. An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara:

- Suíomh: [Department of Agriculture, Food and the Marine](#)
- Cur Síos: D'fhéadfadh acmhainní nó tuarascálacha a bheith ar fáil ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara in Éirinn maidir leis an fhoraoiseacht agus speicis crann, lena n-áirítear sonraí ar bhlianta measa agus ar tháirgeadh dearcán.

#### 6. Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann (IWT):

- Suíomh: [Irish Wildlife Trust](#)
- Cur Síos: Is eagraíocht í Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann atá tiomanta don chaomhnú fiadhúlra agus ghnáthóg na hÉireann. Féadfaidh siad ábhair oideachais, earraí, nó naisc le taighde ar speicis crann dúchasacha agus ar na patrúin atáirgeacha a sholáthar.
- [Scoil Fhoroise Laoise](#): Acmhainn aoisoiriúnach agus pleananna don oideachas faoin aer eagraithe de réir rotha na bliana.

Do dhaoine as líne, téigh chuig: <https://globalvillageschools.ie/teaching-resource/classroomresources/> nó déan an cód QR thíos a scanadh le leagan ar líne den acmhainn seo a fháil.



## Aguisín 1: (3.2 Folláine; Noda don Dialann Nádúir)

### Téarma 1a: Lúnasa (1 Lúnasa):

1. Tabhair cuairt ar fheirm nó ar ghairdín áitiúil. Cad iad na barraí a bhaintear? Conas mar a thugann na feirmeoirí is na garraíodóirí aire don talamh?
2. Suigh faoi scáth na gcrann agus éist le siosarnach na nduilleog. Scríobh dán nó scéal gearr a spreag fuaimeanna an nádúir ionat.
3. Fiosraigh saolré planda ar bith, ón síol go dtí an bláth/toradh. Tarraing pictiúir nó scríobh cur síos ar na céimeanna ar fad.

### Téarma 1a: Cónocht an Fómhair (22 – 23 Meán Fómhair):

1. Téigh ar shiúlóid dúlra agus bailigh duilleoga éagsúla ón talamh. Déan cuimilteáin díobh sa dialann agus scríobh ainm na speicis éagsúla.
2. Bí ag faire amach d'éin a dhéanann imirce. Cad iad na héin a théann ó dheas don gheimhreadh, agus iadsan a thagann chugainn?
3. Bíonn athrú ann ó thaobh solas an lae de. Cén tionchar a bhíonn ag uillinn na gréine ar dhathanna agus ar scáileanna na timpeallachta?

### Téarma 1b: Samhain (31 Deireadh Fómhair- 1 Samhain):

1. Féach thart sa choill nó san fhoraois. Cad iad na créatúir a chónaíonn anseo? Conas mar a ullmhaíonn siad d'aimsir fhuar an gheimhridh?
2. Bailigh cipíní, buaircíní, agus ábhar nádúrtha eile ón talamh agus déan píosa ealaíne an gheimhridh astu. Déan cur síos ar na boláithe agus ar an uigeacht a bhaineann leis an obair.
3. Tóg beathadán éan i gclós na scoile. Déan taifead de na saghsanna éagsúla éan a thagann chun cuairte, agus an bia is fearr le gach aon chineál acu.

### Téarma 1b: Grianstad an Gheimhridh (21 – 23 Nollaig):

1. Bí ag siúl sa gheimhreadh agus féach an bealach ina gcuireann na plandaí is na hainmhithe iad féin in oiriúint don aimsir fhuar. Cad iad na straitéisí a bhíonn acu le fanacht beo?
2. Cruthaigh mandala bunaithe ar nádúr an gheimhridh. Bain úsáid as clocha, caora, spíonlaigh ghiúise, *objets trouvés* eile. Déan machnamh ar thimthriall na séasúr agus an dearadh á chruthú agat.

### Téarma 2a: Cónocht an Earraigh (20 – 23 Márta):

1. Tabhair comharthaí an earraigh faoi deara. Cad iad na plandaí atá ag bláthú, agus cad iad na hainmhithe atá níos gníomhaí anois?
2. Suigh síos go ciúin ar an bhféar. Déan taifead ar na fuaimeanna a chloiseann tú. An aithníonn tú éan nó feithide ar bith?
3. Breathnaigh ar an gcrann atá ag péacadh. Tarraing nó scríobh cuntas ar na hathruithe a fheiceann tú ar bhachlóga agus ar ghéaga.

### Téarma 2b: Bealtaine (30 Aibreán – 1 Bealtaine):

1. Tóg altóir bheag na Bealtaine. Bain úsáid as duilleoga, bláthanna, ábhar nádúrtha eile. Déan cur síos ar na dathanna, na cruthanna, an boladh a ghabhann leo.
2. Téigh ar shiúlóid nádúir agus bailigh saghsanna éagsúla bláthanna. Cruthaigh colláis de bhláthanna fáiscithe sa dialann.
3. Breathnaigh ar éirí nó ar luí na gréine lasmuigh. Déan cur síos ar dhathanna na spéire agus iad ag athrú de réir mar a dhruideann an ghrian.

### Téarma 3: Grianstad an tSamhraidh (20 – 23 Meitheamh):

1. Bí in aice le loch, le habhainn, in aice na farraige. Cad iad na créatúir atá le sonrú? Cén fhuaim, cén ghluaiseacht a dhéanann an t-uisce?
2. An bhfeiceann tú na pailneoirí, na beacha, na féileacáin, an dordéan? Cad iad na bláthanna a mheallann iad, agus cad a tharlaíonn nuair a mhealltar iad?
3. Luigh síos sa pháirc féarach agus breathnaigh ar na scamail. Scríobh cur síos ar na cruthanna a fheiceann tú agus ar an mbealach ina n-athraíonn siad le himeacht aimsire.



---

## Aguisín 2: (5.1 STEM; Moltaí don Limistéar Glasaithe)

### Bláthbhoscaí Fuinneoige:

#### Ceisteanna:

- Cad iad na plandaí a mbeadh rath orthu sa bhosca?
- Conas is féidir iad a thógáil ionas go mbeidh an méid is mó solas na gréine acu?
- Cé mhéad cré a bheadh ag teastáil do cheann acu?

#### Obair Mhatamaiticiúil:

1. Ríomh imlíne agus achar gach bosca fuinneoige le fáil amach cé mhéad adhmaid nó ábhar eile a bheadh ag teastáil le haghaidh tógála.
2. Déan taighde faoin meánráta fáis de speicis phlandaí éagsúla agus cruthaigh sceideal plandála do na boscaí fuinneoige, lena n-áirítear an méid plandaí is féidir a chur i ngach bosca bunaithe ar an toise fásta.
3. Déan meastachán ar chostas na hithreach, na síolta, na bplandaí, agus ar aon ábhar maisiúcháin a theastódh ó na boscaí fuinneoige. Cruthaigh buiséad agus plean le haghaidh airgead a thiomsú, más gá.

### Móinéar na mBláthanna Fiáine:

#### Ceisteanna:

- Cad iad na bláthanna fiáine dúchasacha ar cheart dúinn a chur sa mhóinéar?
- Conas is féidir linn an ithir a ullmhú le fás bláthanna fiáine a spreagadh?
- Conas a dhéanfimid cúram den mhóinéar ar feadh na bliana?

#### Obair Mhatamaiticiúil:

1. Tomhais achar an spáis mhóinéir ainmnithe chun a fháil amach cé mhéad síol bláthanna fiáine atá ag teastáil in aghaidh an mhéadair chearnaigh.
2. Déan taighde ar an spásáil is fearr a fhágáil idir síolta na mbláthanna fiáine agus ríomh cé mhéad síol de gach speiceas atá ag teastáil chun an limistéar iomlán a chlúdach.
3. Déan meastachán ar chostas síolta na mbláthanna fiáine in aghaidh gach graim nó cileagraim agus ríomh costas iomlán an tionscadail. Smaoinigh ar lascaí agus bealaí tiomsaithe airgid chun fanacht laistigh den bhuiséad.

### Limistéar Curtha na nGlasraí:

#### Ceisteanna:

- Cad iad na glasraí atá oiriúnach don aeráid agus don talamh atá againn in Éirinn?
- Cé mhéad spás fáis a bheadh ó na glasraí éagsúla?
- Conas is féidir an phlandáil a phleanáil ionas go mbeidh barr leanúnach againn?

#### Obair Mhatamaiticiúil:

1. Tomhas achar na háite atá le cur faoi ghlasraí agus faigh amach cé mhéad sraith a ghlacfaidh sé, ag cuimhneamh air go gcaithfear spás a fhágáil idir na sraitheanna agus idir na plandaí indibhidiúla freisin.
2. Faigh amach cén táirgeacht ar an meán a bhaineann leis na glasraí éagsúla, agus ríomh an méid bia ar fad a thiocfaidh ón bpíosa talún sin.
3. Cruthaigh buiséad le haghaidh síolta, leasuithe ithreach, agus aon trealamh is gá (m.sh., uirlisí garraíodóireachta, córas uisciúcháin). Ríomh an costas in aghaidh an mhéadair chearnaigh agus costas iomlán an tionscadail.

### Beathadáin Éan:

#### Ceisteanna:

- Cad iad na héin a bhíonn coitianta sa cheantar seo, agus cad a itheann siad?
- Conas is féidir beathadáin éan a dhearadh a ghearrfadh siar ar chur amú bia, agus nach meallfadh lotnaidí chucu?
- Cé chomh minic a bheidh gá leis na beathadáin a líonadh suas arís, agus cé mhéad bia a bheadh ite san am sin?

#### Obair Mhatamaiticiúil:

1. Déan meastachán ar mhéid an tsíl éan a theastaíonn chun gach beathadán a líonadh agus ríomh cé mhéad beathadán a bheadh ag teastáil chun freastal ar an daonra éan a bhfuiltear ag súil leis.
1. 2. Déan taighde ar chostas an tsíl éin in aghaidh an chileagraim agus ríomh costas iomlán an tionscadail, lena n-áirítear beathadáin agus ábhar tógála.
2. 3. Déan monatóireacht ar úsáid na mbeathadán éan le himeacht aimsire agus déan taifead ar shonraí maidir le minicíocht athlíonta agus ar an méid bia a chaitear. Bain úsáid as an fhaisnéis seo chun an buiséad agus an sceideal athlíonta a shocrú mar is gá.

## Aguisín 2: (5.1 STEM; Moltaí don Limistéar Glasaithe)


### Óstán Feithidí:

#### Ceisteanna:

- Cad iad na cineálacha feithidí a théann chun tairbhe an éiceachórais áitiúil?
- Conas is féidir linn an t-óstán feithidí a dhearadh chun gnáthóga oiriúnacha a sholáthar do raon speiceas feithidí?
- Conas a dhéanfaimid monatóireacht ar ghníomhaíocht feithidí san óstán agus an éifeacht a mheas?

#### Obair Mhatamaiticiúil:

1. Déan toirt gach seomra san óstán feithidí a thomhas agus meas cé mhéad feithid a rachadh isteach ann bunaithe ar thoisí na ngnáthóg a moltar.
2. Déan taighde ar chostas na n-ábhar chun an t-óstán feithidí a thógáil, lena n-áirítear adhmaid, bambú, agus ábhar nádúrtha eile. Cruthaigh buiséad agus plean chun airgead a thiomsú más gá.
3. Cuir plean monatóireachta le chéile chun gníomhaíocht feithidí a bhraith san óstán agus sa timpeallacht sin. Iarr ar na daltaí sonraí a thaifeadh: éagsúlacht speiceas, méideanna daonra, agus cleachtadh neadaithe le himeacht aimsire.



### Limistéar Curtha na gCrann:

#### Ceisteanna:

- Cad iad na speicis chrann dhúchasach atá oiriúnach go maith dár n-aeráid áitiúil agus do choinníollacha na hithreach?
- Conas is féidir linn an limistéar plandála crann a dhearadh chun tairbhe bhithéagsúlachta agus éiceolaíochta a mhéadú?
- Cén plean cothabhála fadtéarmach a chinnteoidh go bhfásfaidh na crainn go sláintiúil?
- Cad is bliain mheasa ann, agus conas a théann sé i bhfeidhm ar éiceachórais áitiúla agus ar an bhfiadhúlra?

#### Obair Mhatamaiticiúil:

1. Rianaigh na hathruithe i staitisticí na ndearcán le 5 bliain anuas in Éirinn (féach 'Acmhainní Breise' chun naisc a mholtar a fháil). Bailigh sonraí ar líon na ndearcán a tháirgeann speicis éagsúla darach, éagsúlachtaí i dtáirgeadh ó bhliain go bliain, agus aon treocht nó patrún a thugtar faoi deara.
2. Déan anailís ar an eolas a bhailigh sibh le bliain mheasa a aithint (baineann táirgeadh ard ar dhearcáin léi). Ríomh minicíocht agus fad na mblianta measa ó na staitisticí atá agaibh.
3. Pléigh an tionchar éiceolaíoch a bheadh ag na blianta measa, agus an tionchar a bhíonn acu ar shaol na n-ainmhithe. Cad iad na straitéisí a chuirfí i bhfeidhm le bainistíocht nó le maolú a dhéanamh ar thionchar na blianta measa ar an éiceachóras áitiúil.



## Aguisín 3: Eolas faoi SDG 11 agus 13 (1.2 Teanga [g]):



### Spricanna Forbartha Inbhuanaithe 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe

Díríonn Sprioc 11 ar na cathracha agus na pobail a bheith slán, ionchuimsitheach agus inbhuanaithe mar áiteanna cónaí.

#### Eochairphointí:

- **Tithíocht Shlán Inacmhainne** : Tithíocht a chur ar fáil do chách atá glan, slán agus inacmhainne.
- **Córas Taistil Poiblí**: Córas a sholáthar a éascóidh taisteal an phobail agus a laghdóidh ar an truailliú.
- **Spásanna Glasa**: Níos mó páirceanna poiblí agus spásanna glasa a chruthú mar áiteanna fóillíochta.
- **Ullmhú don Tubaiste**: Deimhin a dhéanamh de na cathracha a bheith réidh le déileáil le tubaistí nádúrtha, tuilte, crith talún ionas go mbeidh an pobal agus an t-infreastruchtúr slán.

Sampla: Nárbh iontach an rud é cónaí i gcathair lán de spásanna glasa, na sráideanna néata, an córas taistil poncúil? Mothaíonn an pobal go bhfuilid slán, tá go leor ionaid fóillíochta agus deiseanna muintearas a dhéanamh ar fáil.



### Spricanna Forbartha Inbhuanaithe 13: Gníomhú ar Son na hAeráide

Díríonn Sprioc 13 ar ghníomhú go práinneach le dul i ngleic leis an athrú aeráide agus leis an drochthionchar a leanann uaidh.

#### Eochairphointí:

- **Astaíochtaí a laghdú**: Gearradh siar ar thruailliú ó na carranna, na monarchana agus ó fhoinsí eile leis an téamh domhanda a laghdú.
- **Fuinneamh In-athnuaite**: Tuilleadh foinsí fuinnimh in-athnuaite gaoithe, gréine agus eile a úsáid in ionad breoslaí iontaise ar nós gual agus ola.
- **Oideachas agus Feasacht**: Múineadh do dhaoine faoin athrú aeráide agus conas is féidir linn cabhrú leis an obair ina choinne.
- **Teacht Aniar agus Oiriúnú**: Cabhrú leis an bpobal ullmhú le haghaidh athruithe san aeráid (stoirmeacha níos láidre agus leibhéil na farraige ag ardú) agus dul in oiriúint dóibh.

Sampla: Má chuireann sibh crainn ar scoil súfaidh siad dé-ocsaíd charbóin ón aer. Má úsáidtear grianphainéil don leictreachas, is cumhacht níos glaine é, agus beidh an domhan á chaomhnú don ghlúin atá le teacht againn.



---

## Aguisín 3: Eolas faoi SDG 11 agus 13 (1.2 Teanga [g]):



### Bheith mar Shaoránach Gníomhach


**Príomh-chumas:** Bheith mar shaoránach gníomhach

Cuireann Creachuraclam na Bunscoile 2023 béim ar an tábhacht a bhaineann le ‘Bheith i do Shaoránach Gníomhach’ mar phríomhinniúlacht do dhaltaí. Spreagann an inniúlacht seo na daltaí chun a bheith gníomhach i measc an phobail agus an domhain mhóir ar bhealach freagrach bríoch.

- **Ceartha agus Freagrachtaí a Thuiscint:** Foghlaimíonn sna daltaí faoina gcearta féin agus faoi chearta an duine eile, chomh maith leis na freagrachtaí a bhíonn orainn. Déanann siad iniúchadh ar choincheapa ar nós cothroime, ceartas, agus ar an tábhacht a bhaineann le bheith rannpháirteach i bpróisis dhaonlathacha.
- **Rannpháirtíocht an Phobail:** Spreagtar leanaí chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí pobail, tuiscint a fhoghlaim ar riachtanais an cheantair áitiúil, agus cabhrú go dearfach ann. D’fhéadfadh tionscadail ar nós glantacháin phobail, imeachtaí carthanachta, nó fóraim déanamh cinní a bheith san áireamh anseo.

- **Feasacht faoin gComhshaol:** Le bheith i do shaoránach gníomhach caithfidh duine a bheith tuisceanach agus gníomhach maidir le saincheisteanna comhshaoil. Foghlaimítear faoi inbhuanaitheacht, gníomh aeráide, agus conas is féidir difríocht a dhéanamh trí ghníomhaíochtaí laethúla.
- **Saoránacht Dhomhanda:** Leathann an ábaltacht seo amach ón bpobal áitiúil chun dearcadh domhanda a chur san áireamh. Fiosraíonn na daltaí saincheisteanna mar chearta daonna, éagothroime dhomhanda, agus éagsúlacht chultúrtha, ag cothú na comhbhá agus na dlúthpháirtíochta le daoine ar fud an domhain.

Trí na scileanna agus na tuairimí a bhaineann le ‘Bheith i do Shaoránach Gníomhach’ a fhorbairt, éiríonn na daltaí freagrach, níos eolaí, agus níos gníomhaí sa tsochaí. Tá sé de chumhacht acu athruithe dearfacha a dhéanamh i measc an phobail agus cabhrú le domhan níos córa agus níos inbhuanaithe a thógáil.



Saoránacht Dhomhanda  
Sa Bhunscoil

Tá tuilleadh eolais faoin Sráidbhaile Domhanda, faoi acmhainní is faoi ábhar eile ar fáil ar an [suíomh](mailto:info@globalvillageschools.ie) nó cuir ríomhphost chugainn ag [info@globalvillageschools.ie](mailto:info@globalvillageschools.ie)

